Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2024
(OR. en)**

**9641/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0424(COD)**

**CODEC 1248
ENER 216
ENV 490
CLIMA 191
IND 247
RECH 216
COMPET 521
ECOFIN 552**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis na margaí inmheánacha le haghaidh gáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus hidrigine, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1227/2011, (AE) 2017/1938, (AE) 2019/942 agus (AE) 2022/869 agus Cinneadh (AE) 2017/684 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 (athmhúnlú) **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 15 Nollaig 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 194(2) CFAE, chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 19 Bealtaine 2022[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 12 Deireadh Fómhair 2022[3].

[1] 15096/1/21 REV 1 + ADD 1 REV 1 + ADD 2 go dtí 7.
[2] IO C 323, 26.8.2022, lch. 101.
[3] IO C 498, 30.12.2022, lch. 83.

4. An 11 Aibreán 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[4]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh an Chomhairle in ann glacadh leis.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 105/23 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, agus an Ungáir ag vótáil ina choinne.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[4] 8680/24.